

1965 - 1985

TUAIISCEART ÉIREANN



Wesley Scott & Laura Kwasniewska
/ An tAisaoind Lán-Gaeilge /

Féilire Imeachtaí 1965 - 1985

Nótaí

1965:	Casadh Lemass ar O'Neill.	
1966:	Bhunaigh Paisley a ‘Protestant Telegraph’.	
	Bunaíodh Óglaigh Uladh (UVF) agus cuireadh cosc air i ndiaidh dóibh triúr fear a scaoileadh.	
1967:	Bunaíodh Cumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann (NICRA).	
1968	Márta Meitheamh Lúnasa Deireadh Fómhair	Coiste Gníomhaíochta Tithíochta Dhoire Díbríodh lucht agóide as teach i dTír Eoghain. An chéad mhórshiúl (Oileán an Ghuail go Dún Geanainn) Cosc ar an mhórshiúl go Doire -> foréigean i nDoire)
1969	Eanáir Aibreán	Rinneadh luíochán ar mhórshiúl Dhaonlathas an Phobail ag Bun Tolóid. Toghadh Bernadette Ní Dhoibhlinn ina feisire do Lár Uladh. D'éirigh O'Neill as a phost. Ghlac Chichester-Clarke a áit.
	Lúnasa	Cath Thaobh an Bhogaigh - Círéibeacha i nDoire agus i mBéal Feirste. Cuireadh saighdiúirí Briotanacha annón leis an dlí agus an tsíocháin a choinneáil.
	Deireadh Fómhair	Ráiteas Downing Street - gheall rialtas na Breataine athleasuithe.
	Samhain	Tuairisc Hunt - círéibeacha ag na Protastúnaigh
1970	Márta Aibreán	Scoilt an tIRA ina eití Oifigiúla agus Sealadacha. Scoireadh na B-Speisialaigh. Bunaíodh Díorma Cosanta Uladh (UDR). Bunaíodh Páirtí an Chomhaontais.

Tuaisceart Éireann 1965 — 1985

	Lúnasa	Bunaíodh an Páirtí Sóisialta Daonlathach agus Lucht Oibre (SDLP). Gerry Fitt ina cheannasaí, John Hume ina leathcheannasaí.
1971	Feabhra	An chéad saighdiúir Briotanach scaoilte ag an IRA
	Márta	D'éirigh Chichester Clark as a phost. Ghlac Brian Faulkner a áit.
	Lúnasa	Thosaigh imtheorannú. Bunaíodh Cumann Cosanta Uladh (UDA).
	Samhain	Bhunaigh Paisley an Páirtí Daonlathach Aontachtach.
1972	Eanáir	Domhnach na Fola - maraíodh 13 i nDoire.
	Feabhra	<i>Urgharda</i> (Vanguard), grúpa Aontachtach scartha ón chuid eile, bunaithe ag Bill Craig, iar-Aire Gnótháí Inmheánacha
	Márta	Chuir Heath Stormont ar fionraí. Riail dhíreach ó Westminster.
	Iúil	‘Aoine na Fola’ i mBéal Feirste: 9 marbh agus 100 gortaithe.
1973		Feachtas buamála an IRA tugtha go dtí an Bhreatain. Bunú Ulster Freedom Fighters (UFF), buíón dílseoirí paramíleata.
	Nollaig	Síníodh Comhaontú Sunningdale.
1974	Eanáir	Thosaigh Coiste Feidhmiúcháin Comhchumhachta Thuaisceart Éireann.
	Feabhra	Bhain Aontachtaithe a bhí in éadan Comhchumhachta 11 de na 12 shuíochán san olltoghchán.
	Bealtaine	Chuir stailc Chomhairle Oibrithé Uladh deireadh leis an Choiste Feidhmiúcháin.
	Deireadh Fómhair	Buamaí Guildford
	Samhain	Buamaí Birmingham
1975		Toghadh Comhdháil Bunreachta i mBealtaine - deireadh leis faoi Shamhain.

Nótaí

Iúil	D’ionsaigh UVF <i>Miami Showband</i> . Scoilt eile san IRA - bunaíodh INLA.	
1976	Deireadh le stádas ‘catagóir ar leith’ do chimí.	
Iúil	Maraíodh Ewart-Biggs, ambasadóir na Breataine i mBaile Átha Cliath (buama cairr).	
Lúnasa	Bhunaigh Betty Williams agus Mairéad Corrigan Gluaiseacht Síochána na mBan.	
Meán Fómhair	Thosaigh Cimí Poblachta na Ceise Fada ‘agóid na pluide’.	
1977	Mhol Roy Mason ‘Dílárú sealadach’ (comhchumachtach).	
1979	Feallmharaíodh Airey Neave i mbuama cairr de chuid an INLA. An Tiarna Mountbatten marbh ag an IRA agus é ar saoire i Sligeach.	
1980	An chéad stailc ocras Comhdháil Boird Chruinn ag Humphrey Atkins	
1981	Márta	An dara stailc ocras
	Aibreán	Toghadh Bobby Sands i bhFear Manach/Tír Eoghain Theas.
	Bealtaine	Bás Bobby Sands - an chéad duine de 10 a fuair bás
	Samhain	An tUrr. Robert Bradford, Feisire Aontachtach, scaiolte marbh ag IRA
1982		Toghchán do Thionól Thuaisceart Éireann (Dílárú de réir a chéile). Rinne an SDLP baghcat air. Bhain Sinn Féin 5 shuiochán.
1983	Márta	Cainteanna Fhóram Nua-Éireann i mBaile Átha Cliath. Dhiúltaigh Aontachaithe agus Rialtas na Breataine freastal orthu
	Samhain	Rinneadh Uachtaráin Shinn Féin de Gerry Adams (Feisire).
1984	Bealtaine	Foilsíodh Tuairisc an Fhóraim.
	Deireadh Fómhair	Cúigear marbh i mbuama Brighton
1985	Samhain	Síníodh an Comhaontú Angla-Éireannach.

Nótaí

Gearán na gCaitliceach sna 1960í

1. Sna boscaí thíos tá trí chinéal gearán a bhí ag Caitlicigh Thuaisceart Éireann sna 1960í.

Cuir dathanna éagsúla ar na boscaí.

Polaitiúil

Eacnamaíoch

Sóisialta

2. Anois, amharc ar na gearán thíos. Cé acu tá siad sóisialta, eacnamaíoch nó polaitiúil?

3. Cuir an dath céanna ar na boscaí agus atá ar na boscaí thuas. Beidh níos mó ná dath amháin ar chuid de na boscaí.

- Bhí na hAontachtaithe in éadan athleasuithe. Ní raibh athrú de dhíth orthu.

- Bhí na Protastúnaigh níba shaibhre.

- Chreid na Caitlicigh nach raibh ceart le fáil i dTuaisceart Éireann.

- Bhí na postanna is fearr ag na Protastúnaigh.

- Bhí an chuid is mó de na dlíodóirí agus na breithiúna ina bProtastúnaigh.

- An chlaonroinnt ba chúis le Comhairle Aontachtach a bheith i gcathair Náisiúnaíoch Dhoire.

- Bhí dhá vóta nó níos mó ag cuid de na Protastúnaigh.

- Chreid Náisiúnaithe gur ina n-éadansan i gcónaí a baineadh úsáid as an Acht um Chumhachtaí Speisialta.

- Tógadh Ollscoil Nua Uladh in aice le baile Protastúnach Chúil Raithin in ionad Dhoire mar a raibh Coláiste Mhig Aodha cheana féin.

- Ní raibh vóta ag gach Caitliceach sna toghcháin áitiúla.

- Bhí an chuid is mó den RUC agus gach ball de na B-Speisialaigh ina bProtastúnaigh.

- Roimh na 1960í ba Phrotastúnaigh tromlach na ndaoine a chuaigh ar ollscoil.

- Ó tharla gur mionlach iad na Náisiúnaigh, ní bheadh rialtas Náisiúnaíoch choíche ann.

- Ba le Protastúnaigh an chuid is mó de na gnólachtaí.

- B'fhearr le Comhairlí Aontachtacha tithe de chuid na gComhairlí a thabhairt do Phrotastúnaigh.


- B'fhearr an seans a bhí ag Protastúnaigh bheith fostaithe.

Fáthanna Fheachtas na gCeart Sibhialta

Fáth	Toradh
Rialtas Aontachtach ó 1921 anall	
Vótáil iolrach	
Idirdhealú/Leatrom fostaíochta	
Idirdhealú Tithíochta	
O'Neill ina phríomh-aire	

Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Cumann na gCeart Sibhialta?

Scríobh abairt nó dhó i ngach bosca a chuireann síos ar gach aidhm de chuid Chumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann.



Mar a d'athraigh Tuaisceart Éireann 1965 - 1970

Ba é an Páirtí Náisiúnach an príomhfhrearsúra.

Bhí clú domhanda ar Chumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann.

Bhí níba mhó ná aon vóta amháin ag céimithe Ollscoil na Ríona agus ag lucht gnó.

Bhí Arm na Breataine ar na sráideanna ag cuidiú leis na péas.

Ní mó ná gurbh ann don IRA.

Chuir an chlaonroinnt sna toghcháin ar chumas na nAontachtaithe cathair Náisiúnaíoch Dhoire a stiúradh.

Bhí cead vótála i dtoghcháin chomhairlí áitiúla ag gach duine thar 18 mbliana d'aois.

Tháinig méadú ar an fhoreigean.

Bhí an Captain Terence O'Neill ina phríomh-aire.

Bhí idirdhealú á dhéanamh ar mhórán Caitliceach i dtaca le postanna agus tithíochta de.

Bhí baint dhíreach ag Westminster le cúrsaí.

Ní raibh Aontachtaithe ar aon intinn fá cheisteanna ar nós athleasuithe.

Bunaíodh Alliance agus an SDLP.

Bhí an Páirtí Aontachtach go láidir, aontaithe agus an-tacaíocht aige.

Thug Seán Lemass cuairt ar Bhéal Feirste agus bhí cuid de na hAontachtaithe go mór in éadan na cuairte.

Bhí scoilt san IRA.

Bhí dlíthe úra ann le deireadh a chur leis an idirdhealú.

Chuidigh na B-Speisialaigh leis an RUC.

Ní raibh suim ar bith ag Westminster i dTuaisceart Éireann.

Déan cóip den tábla thíos. Cuir na ráitis seo sa cholún ceart

Tuaisceart Éireann i 1965

Tuaisceart Éireann i 1970

Athruithe i dTuaisceart Éireann 1965 - 1970

Athruithe	Mar a bhí cursai i 1965	Cad é a bhí athraithe faoi 1970?	Cad é a bhí mar gcéanna i 1970?
Polaitiúil		Sóisialta agus Eacnamaíoch	Dlí agus Síocháin

Terence O'Neill

An post a bhí ag
O'Neill idir 1963 - 69



Mar a rinne sé iarracht
cúrsaí eacnamaíochta a
fheabhsú

Mórshiúl Dhaonlathas
an Phobal

Deireadh ré O'Neill

Mar a rinne sé iarracht
cúrsaí caidrimh phobail
a fheabhsú


Cad é an freagra a bhí
aige ar éilimh CCSTÉ
(Cad é mar a chuaigh
siad i bhfeidhm air?)

Aontachtaithe agus
Náisiúnaithe in éadan
O'Neill

Caidreamh le Poblacht
na hÉireann

Teacht an Imtheorannaithe

Míníonn cuid de na ráitis thíos na cúiseanna ar tháinig an tImtheorannú. Míníonn cuid acu an dóigh a ndeachaigh an tImtheorannú i bhfeidhm ar shaol Thuaisceart Éireann. Cuir gach ráiteas sa bhosca ceart sa léaráid atá ar an chéad leathanach oibre eile.



Stailc Cíosa agus Rátaí

**D'oibrigh sé san am a
chuaigh thart**

**Méadú ar earcaíocht
an IRA**

**Méadú ar an
fhoréigean**

Bunú na Sealadach

Domhnach na Fola

**Éilimh Aontachtaithe ar
pholasaí dian slándála**

**Chuir rialtas na
Breataine Stormont
ar fionraí**

Cúiseanna

Torthaí

Teacht an Imtheorainnaithe



Titim

Stormont

Ar an chéad leathanach eile tá sraith de na bunchúiseanna ar thit Stormont. Mínigh sa spás taobh leo cén toradh a bhí ar na bunchúiseanna.

Ina dhiaidh sin, léirigh na cúiseanna in ord a dtábhachta, is é sin, an chúis is mó tábhacht = 1, is lú tábhacht = 6. Ar leathanach eile mínigh cad chuige ar chuir tú san ord sin iad.

1

2

3

4

5

6

Na cúiseanna ar thit Stormont

Cúis	Toradh
1. Feachtas na gCeart Sibhialta	
2. Scoilt i measc Aontachtaithe	
3. Méadú ar chur in éadan rialtas Aontachtaithe ó na Náisiúnaithe	
4. Méadú ar an phoréigean	
5. Tuairisciú na Meán Cumarsáide ar imeachtaí Thuaisceart Éireann	
6. Dearcadh rialtas na Breataine	

Athleasú agus Athruithe


Druidim Stormont agus Rial Dhíreach	Coimhlintí leis an RUC agus tuairiscí teilifíse ar fud an domhain
Méadú ar theannas agus ar fhoréigean - Domhnach na Fola	Frithbhuiile na bProtastúnach
Bunú Chumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann	Atheagrú an IRA - Teacht na Sealadach
Athleasuithe O'Neill	

Míníonn an léaráid ar an chéad leathanach eile mar a tharla imeachtaí tábhachtacha ó 1963 go dtí 1972. Tá baint ag gach ráiteas leis an cheann a tháinig roimhe. Scríobh na ráitis ar an leathanach seo sa spás ceart ar an chéad leathanach eile.

Anois, tabhair freagra ar na ceisteanna seo:

1. Cad é mar a chuir mórshiúlta na gCeart Sibhialta brú ar an rialtas Aontachtach?
2. Cad chuige ar tháinig méadú ar an fhoréigean d'ainneoin gur cuireadh athleasuithe i bhfeidhm?


Athleasú agus Athruiithe



Dearcadh an Deiscirt ar Imeachtaí ó Thuaidh

Léiríonn na cartúin an dearcadh a bhí i mBaile Átha Cliath ar imeachtaí tábhachtacha i dTuaisceart Éireann. Ainmnigh na himeachtaí.

Ansin, bain úsáid as na foinsí le barúil na gcartúnaithe ar na himeachtaí seo a mhíniú.



FOINSE A

Imeacht:

Dearcadh an chartúnaí

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

Dublin Opinion, Nollaig 1969



FOINSE B

Imeacht:

Dearcadh an chartúnaí

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

Irish Times, Méan Fómhair 1973

Cúiseanna agus Torthaí Thitim an Choiste Fheidhmiúcháin Chomhchumhachta

Tá craith ráiteas anseo thíos faoi chúiseanna agus faoi thorthaí thitim an Choiste Fheidhmiúcháin Chomhchumhachta. Scríobh gach ráiteas san áit cheart ar an chéad leathanach eile.

Bearna níos leithne idir Aontachaithe agus Náisiúnaithe

Deireadh le ré Brian Faulkner

Léirigh na Protastúnaigh nach noibreodh comhaontú ar bith nach mbeadh siadsan sásta leis.

Chonacthas do dhaoine nach raibh Páirtí an Lucht Oibre chomh tacúil leis an Aontas.

Bhí leisc ar rialtas na Breataine comhaontú a bhrú ar dhaoine.

Stailc an UWC

Foréigean ag leanúint ar aghaidh

Cuardach réiteach éagsúil

Titim an Choiste Fheidhmiúcháin Chomhchumhachta

Bhí a gcumhacht léirithe ag Dílseoirí Paramíleata.

D'éirigh go maith le hAontachaithe frith-Faulkner i bhfeachtas an Olltoghcháin.

Easaontas idir Aontachaithe

Cinneadh rialtas na Breataine gan an tArm a úsáid le tacaíocht a thabhairt don Choiste Feidhmiúcháin

Comhaontú Sunningdale

Ganntanas comhaontuithe idir Aontachaithe agus Náisiúnaithe

Oráid Wilson faoi ‘súmaireacht’

Méadú breise ar an fhoréigean

Cúiseanna agus Torthaí Thitim an Choiste Fheidhmiúcháin Chomhchumhachta

Cúiseanna	Torthaí

Imeachtaí Polaitiúla 1968 - 1974

Sna ciorcail thíos tá imeachtaí a tharla idir 1968 agus 1974. Ar an chéad leathanach eile cuir gach imeacht isteach taobh leis an dáta ceart. Ansin, scríobh cur síos gairid taobh le gach imeacht.

Comhaontú
Sunningdale

Stailc
Chomhairle
Oibrithe Uladh

Mórshiúl
Dhaonlathas an
Phobail

Domhnach
na Fola

Pleananna do
Fheidhmiúchán
Chomhchumhachta

Teacht an
Imtheorannaithe

Fógra
Downing
Street

Aoine
na Fola


Rial Dhíreach
curtha i
bhfeidhm

Athleasuithe
Cúig Phointe
O'Neill

Imeachtaí Polaitiúla 1968 - 1974

Dáta	Imeacht	Cur síos
Samhain 1968		
Eanáir 1969		
Lúnasa 1969		
Lúnasa 1971		
Eanáir 1972		
Márta 1972		
Iúil 1972		
Márta 1973		
Nollaig 1973		
Bealtaine 1974		

Brian Faulkner



Riail Dhíreach

Tá roinnt ráiteas thíos faoi Riail Dhíreach. Gearr amach na ráitis agus déan iad a shórtáil ina dhá gcuid - cúiseanna agus torthaí.

Foréigean ag éirí níos measa. Feachtas an IRA ag leathnú go dtí an Bhreatain.	Eagla roimh cheangal níos laidre leis an Phoblacht ba chúis le treise lámh de chuid na nAontachtaithe mar shampla stailc an UWC agus dúnmaruithe de chuid dílseoirí paramíleata (buille ar an bhuiile).
Caitheadh níba mhó airgid ar Thuaisceart Éireann.	Ní raibh an rialtas Aontachtach ábalta an foréigean a choinneáil faoi smacht.
Brú ar Rialtas na Breataine le rud éigin a dhéanamh faoin drochthuairisciú domhanda	Ní raibh iomlán tacaíochta óna pháirtí féin ag Faulkner, cosúil leis na daoine a chuaigh roimhe.
Ba mhian le rialtas na Breataine stiúir iomlán a ghlacadh ar an tslándáil agus ar an imtheorannú.	Shocraigh Sinn Féin go seasfadh siad sna toghcháin.
Bhí Rúnaí Stáit i gceannas ar Thuaisceart Éireann ar son Westminster.	Chuir idir Aontachtaithe agus Náisiúnaithe in éadan moltaí éagsúla síochána.
Bhí sé doiligh ag oifigigh cheannais Arm na Breataine ordúithe a ghlacadh ó Bhéal Feirste agus ó Londain araon.	D'éirigh Faulkner agus a chuid airí as a bpostanna mar agóid in éadan mholtáí Heath.
Chuir sé deireadh le stiúir Aontachtaithe ar Thuaisceart Éireann.	Méadú ar an fhорéigean. Imeachtaí Dhomhnach na Fola go háirithe.
Nuair a cuireadh deireadh le stádas catagóire ar leith thosaigh címí poblachtacha ar agóidí ‘na pluide’ agus ‘an tsalachair’.	Fuair 10 fear bás ar stailc ocras.
Chreid Heath go nglacfadh an pobal go fonnmar le rialtas ina mbeadh baill den SDLP agus Alliance.	De réir a chéile bhí tionchar ag Poblacht na hÉireann ar shocrutithe a bhain le Tuaisceart Éireann.

Anois tabhair freagra ar an cheist seo:

- ?
- Cad chuige ar cuireadh Riail Dhíreach i réim i dTuaisceart Éireann agus cad iad na torthaí a bhí air?

An Stailc Ocrais

Tasc:

Amharc ar na ráitis thíos. Sórtail iad ina gCúiseanna, ina n-Imeachtaí agus ina dTorthaí.

Cúiseanna	Imeachtaí	Torthaí

Ráitis

Bhí mórsíúlta agus cruinnithe ann.

Cáineadh rialtas Margaret Thatcher go trom.

Bhíodh stailceanna ocrais ag Poblachtaigh roimhe seo.

Shocraigh Sinn Féin go seasfadh siad i dtoghcháin Thuaisceart Éireann.

Ba bheag an tacaíocht a fuair an feachtas le stádas polaitiúil a thabhairt ar ais.

Méadaíodh foréigean an IRA.



Dearcadh Briotanach ar imeachtaí Thuaisceart Éireann 1965 - 1985

Léiríonn na cartúin seo dearcadh Briotanach ar cheithre imeachta thábhachtacha i dTuaisceart Éireann idir 1965 agus 1985.

Ainmnigh iad.

Ansin, ag baint úsáide as na foinsí, mínigh an bharúil a bhí ag an chartúnaí.



"How marvellous it would be if they DID knock each other insensible!"

'Daily Express' 1970

FOINSE A

Jmeacht.....

Dearcadh an chartúnaí.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....



'Sunday Express' 15 Lúnasa 1971

FOINSE B

Imeacht

Dearcadh an chartúnaí

.....

.....

.....

.....



'Sunday Express' 17 Bealtaine 1981

FOINSE C

Imeacht

Dearcadh an chartúnaí


.....

.....

.....

.....

.....



"The only solution to the Irish problem is to understand that no solution works"

FOINSE D

Imeacht

Dearcadh an chartúnaí

.....

.....

.....

.....

.....



Cad é a insíonn na cartúin seo dúinn faoi dhearcadh Briotanach ar Thuaisceart Éireann?

Cad é mar a thiocfadh leat an dearcadh Briotanach seo a chosaint?

Cad é mar a thiocfadh leat an dearcadh seo a cháineadh?

An Comhaontú Angla-Éireannach: Cúiseanna agus Torthaí

Ar an chéad leathanach eile tá roinnt cúiseanna agus torthaí de chuid an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh.



1. Gearr amach na ráitis seo agus déan iad a shórtáil ina dhá gcuid - cúiseanna agus torthaí.
2. Ansin cuir na cártaí in ord tábhachta
3. Cad iad na cúiseanna agus na torthaí is mó tábhacht?
4. Cad iad na cúiseanna agus na torthaí is lú tábhacht?
5. Ar chuir an Comhaontú Angla-Éireannach feabhas ar shaol Thuaisceart Éireann, nó a mhalaírt?

Cúiseanna agus Torthaí an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh

Foréigean ag
leanúint ar aghaidh

Méadú ar chomhoibriú
idir rialtas na
Breataine agus rialtas
na hÉireann

Méadú ar vótaí Shinn
Féin i ndiaidh na
stailceanna ocras

Mhol Fóram Nua-
Éireann réitigh
éagsúla.

Buama Brighton

Miontitim i vótaí
Shinn Féin

Méadú ar fhóréigean na
ndílseoirí paramíleata

Theip ar gach iarracht
teacht ar réiteach ó bhí
1974 ann.

Tacaíocht airgid ó SAM

Níor cuireadh stop le
foréigean an IRA.

Méadú ar chur in éadan
polasaithe rialtais ó na
hAontachaithe

Tionchar John Hume
ar rialtas na hÉireann

John Hume

Dhá phost
thábhachtacha a bhí ag
Hume

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....



Cad é a rinne sé faoi
chearta sibhialta?

.....
.....
.....
.....
.....
.....

Fóram Nua-Éireann

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

An Comhaontú Angla-
Éireannach

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

Toghchán 1969

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

Comhchumhacht

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

Imtheorannú

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

An SDLP

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....



“Ní amháin de thairbhe nach bhfuil muinín ag Protastúnaigh as na Caitlicigh, ach de thairbhe nach bhfuil muinín ag Protastúnaigh as Protastúnaigh eile, is cús leis an choimhlint bheith chomh crua i dTuaisceart Éireann”

J. Whyte, 1978

TASC - cur síos ar bharúlacha éagsúla na bProtastúnach de:

BARÚIL		
Aontachtaí Liobrálach	Éilimh CCSTÉ 1967 - 1969	Duine a thacaíonn le Paisley
Duine a thacaigh le Faulkner	An Feidhmiúchán Comhchumhachta 1984	Ball den UWC
Polaiteoir Aontachtach	An Comhaontú Angla-Éireannach 1985	Ball den UDA

Easaontas idir Náisiúnaithe

Náisiúnaithe Bunreachtúla a rinne cuid de na ráitis ar an leathanach seo agus Poblachtaigh a rinne an chuid eile. Tarraing cairt ar a bhfuil Náisiúnaithe Bunreachtúla ar thaobh amháin agus Poblachtaigh ar an taobh eile. Scríobh gach ráiteas sa cholún ceart. Ansin tabhair freagra ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na cosúlachtaí idir an dá dhream?
2. Cad iad na difríochtaí idir an dá dhream?
3. Cad é mar a thiocfadh leat an dearcadh difriúil atá acu ar an Chomhaontú Angla-Éireannach a mhíniú?

Fógraímid ár
ndílseacht do
Phoblacht 32 contae na
hÉireann a fógraíodh
Cáisc 1916.

Creidimid sa chomhoibriú
idir Tuaisceart agus
Deisceart, ag súil go n-
athaontófar Éire sa
deireadh thiar.

Is tríd an tsíocháin
amháin a aontófar
an t-oileán seo.

Tugann an Comhaontú
Angla-Éireannach fail
dúinn comhionnanas, cearta
agus cothroime a thabhairt
do gach duine sa Tuaisceart.

An bhfuil duine ar
bith anseo atá in éadan
cumhacht a ghlacadh
le bosca vótála i
leathlámh agus
armalite sa lámh eile.

Ba chóir do shaighdiúirí na
Breataine tarraingt amach as
an Tuaisceart... Ba chóir go
mbeadh sé de cheart ag
muintir uile na hÉireann
todhchaí na hÉireann a
shocrú.

Daingníonn an Comhaontú Angla-
Éireannach an chríochdheighilt cionn
is go bhfuil Baile Átha Cliath ag
tabhairt aitheantaí do Thuaisceart
Éireann (mar stát ann féin).

Is é croílár na faidhbe ná
caidreamh na
nAontachaithe leis an
chuid eile den oiléán.

Mar a d'athraigh Tuaisceart Éireann 1971 - 1985

Bunaíodh an UDA.	Tugadh feachtas buamála an IRA go dtí an Bhreatain.	Ní raibh imtheorannú ann.
Bhí scoilt i bPáirtí na nAontachtaithe.	Mhathaigh na Protastúnaigh go raibh an tionchar a bhí acu ar imeachtaí i dTuaisceart Éireann á laghdú.	
Bhí imní ar Phrotastúnaigh faoi fheachtas an IRA agus CCSTÉ.	Fíorbheagán foréigean sráide i dTuaisceart Éireann	Dúnmharuithe seicteacha
Méadú ar fhoréigean sráide	Ní raibh parlaimint ag teacht le chéile ag Stormont.	Tháinig an tImtheorannú.
Rialagh Rúnaí Stáit an Tuaisceart.	An chéad saighdiúir scaoilte ag an IRA.	Bhí baint dhíreach ag an Phoblacht le cúrsaí an Tuaiscirt.

Déan cóip den tábla thíos. Ansin, cuir na ráitis seo sa cholún ceart.

Tuaisceart Éireann i 1971	Tuaisceart Éireann i 1985

Na hiarrachtaí a rinneadh teacht ar réiteach

I mbosca A tá liosta de chuíg iarracht a rinneadh réiteach a fháil ar fhadhb Thuaisceart Éireann.

I mbosca B tá cur síos ar gach iarracht.

Tasc 1 - Meaitseáil gach iarracht leis an chur síos ceart agus cuir san ord ceart cróineolaíoch iad.

Tasc 2 - Mínigh cad chuige ar theip ar gach iarracht.

Bosca A

An Comhaontú Angla-Éireannach
Tionól Thuaisceart Éireann
Feidhmiúchán Comhchumhachta
Fóram Nua-Éireann
An Chomhdháil Bunreachta

Bosca B

- Comhdháil a eagraíodh i mBaile Átha Cliath le todhchaí Thuaisceart Éireann a phlé
- Rialtas Thuaisceart Éireann ina raibh idir Aontachtaithe agus Náisiúnaithe
- Tháinig sí le chéile sa dóigh go dtiocfadh le páirtithe polaitíochta an Tuaiscirt cúrsaí rialtais a phlé.
- Thug sé tionchar áirithe don Phoblacht i gcúrsaí an Tuaiscirt ach dúirt nach dtiocfadh athaontú na tíre go dtí go raibh tromlach mhuintir an Tuaiscirt i bhfáth leis.
- An tríú iarracht de chuid rialtas Coimeádach na Breataine ar theacht ar réiteach fríd an díláru

Tuaisceart Éireann 1965 - 1985

Ceacht Cróineolaíoch

Cuir na cúig imeachtaí déag thíos in ord cróineolaíoch. B’fhéidir go mbeadh sé ní b’fhusa dá gcuirfeá dátaí taobh le cuid acu.

Chuir stailc an UWC deireadh leis an Fheidhmiúchán Comhchumhachta.

Domhnach na Fola - 13 marbh i ndiaidh mórshiúl na gCeart Sibhialta.

Gheall rialtas na Breataine athleasuithe i bhFógra Downing Street.

Casadh Lemass ar O'Neill.

Fuair Bobby Sands bás ar stailc ocráis.

Toghadh an Chomhdháil Bunreachta.

Síníodh an Comhaontú Angla-Éireannach.

Bunaíodh an dara páirtí de chuid na nAontachtaithe.

Cuireadh deireadh le ‘catagóir ar léith’ do na cimí.

Scoireadh na B-Speisialaigh.

Rinne Jim Prior iarracht teacht ar réiteach fríd ‘dílárrú de réir a chéile’.

An chéad mhórshiúl de chuid na gCeart Sibhialta i nDoire

Bunaíodh an SDLP.

Cuireadh saighdiúirí Briotanacha anonn le cuidiú leis an RUC.

Foilsíodh Tuairisc an Fhóraim.



Fíor nó Bréagach?

Thíos tá sé ráiteas déag faoi Thuaisceart Éireann. Tá cuid de na ráitis fíor agus cuid acu bréagach. Aimsigh na ráitis bhréagacha, abair cad é atá cearr leo agus ansin ceartaigh iad.

1. Ba é Lemass an chéad Taoiseach dár thug cuairt ar Thuaisceart Éireann.
2. I 1965 ní raibh cead vótála i dtoghcháin pharlaiminte ag gach duine os cionn 21 bliain.
3. Fuair aon bhall déag den IRA bás le linn na stailce ocras.
4. I 1971 tugadh Imtheorannú isteach don chéad uair i dTuaisceart Éireann.
5. De réir an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh bheadh inchur díreach ag Poblacht na hÉireann i rialtas Thuaisceart Éireann.
6. Faoi na 1960í ní raibh drochthithíocht ar bith i gceantair Phrotastúnacha.
7. Cheadaigh Acht na gCumhachtaí Speisialta cuardach tithe gan barántas.
8. Shocraigh Edward Heath, príomh-aire Coiméadach na Breataine, Stormont a chur ar fionraí agus rialtas díreach a thabhairt isteach i 1972.

Fíor	Bréagach

9. De réir Thuairisc Widgery ní raibh locht ar bith ar Arm na Breataine as bás 13 sibhialtach (gnáth-dhuine) Domhnach na Fola.
10. Is baill de na fórsaí slándála iad bunús na ndaoine a fuair bás nó a gortaíodh sna trioblóidí.
11. Is cumann carthannacha é NORAIL ata lonnaithe san Iorua.
12. Ní raibh saighdiúirí Briotaneacha ar bith i dTuaisceart Éireann roimh Lúnasa 1969.
13. Shíl cuid de bhaill an IRA gur ‘éirigh siad bog’ faoin streachailt leis an tír a aontú agus d’imigh siad gur bhunaigh siad IRA Sealadach i 1971.
14. I 1974 d’eagraigh UWC stailc mar chuid den fheachtas a bhí acu le coinníollacha oibre níos fhearr a bhaint amach.
15. Ba eagraíocht Phrotastúnach Pharamíleata é an UDR.
16. I ndiaidh shíniú an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh i 1985 thiontaigh na dílseoirí in éadan Margaret Thatcher agus an RUC.


Fíor	Bréagach

Líne Ama do Thuisceart Éireann 1965 - 1985

A. Scríobh dátaí na n-imeachtaí sna spásanna.

1. Thug Faulkner an t-imtheorannú isteach
2. Tháinig Fóram Nua-Éireann le chéile i mBaile Átha Cliath
3. Bunaíodh Cumann Chearta Sibhialta Thuisceart Éireann
4. Chuir stailc an UWC deireadh leis an Fheidhmiúchán Comhchumhachta
5. Scoilt san IRA - bunaíodh IRA ‘Sealadach’
6. Toghchán do Thionól Thuisceart Éireann
7. Cuireadh Stormont ar fionraí. Riail dhíreach ó Westminster.....
8. ‘Duine amháin, vóta amháin’ ceadaithe sna toghcháin áitiúla
9. Síníodh an Comhaontú Angla-Éireannach
10. Tháinig an Chomhdháil Bunreachtá le chéile
11. Síníodh Comhaontú Sunningdale
12. Thosaigh an dara stailc ocras sa Cheis Fhada.....
13. Bhuamáil an IRA Comhdháil an Pháirtí Choimeádaigh in Brighton
14. Thosaigh címí Poblachta ‘agóid na pluide’
15. Bunaíodh Gluaiseacht Síochána na mBan

B. Cuir na himeachtaí agus a gcuid dátaí sa líne ama seo san ord ceart.



Daoine a bhí páirteach in imeachtaí i dTuaisceart Éireann 1965 - 85

Tá liosta de dhaoine thios a ghlaic páirt i stair Thuaisceart Éireann idir 1965 - 1985.

Tasc A

Cuir an téarma ceart - **Aontachtaí, Náisiúnaí, Briotanach, Deisceartach** - taobh leis an ainm ceart i gcolún A.

Tasc B

Amharc arís orthu sin ar chuir tú síos orthu mar Náisiúnaí nó mar Aontachtaí. I gcolún B scríobh **ainm ionlán an pháirtí/na heagraíochta** ina raibh siad.

Tasc C

Amharc arís orthu sin ar chuir tú síos orthu mar Bhriotanach nó mar Dheisceartach. I gcolún B scríobh **an post a bhí acu** nuair a bhí sé/sí páirteach sna himeachtaí AGUS na dátaí a raibh sé/sí sa phost.

Daoine	Colún A	Colún B
James Chichester-Clark		
Seán Lemass		
Gerry Fitt		
James Molyneux		
Harold Wilson		
Bernadette Devlin		
Ian Paisley		
Glenn Barr		
Edward Heath		
Liam Cosgrave		
Austin Currie		
Terence O'Neill		
Bobby Sands		
Brian Faulkner		
Gerry Adams		
Jack Lynch		
Margaret Thatcher		
William Whitelaw		
John Hume		
Garret Fitzgerald		

Príomh-airí 1965 - 1985

Déan trí liosta de Phríomh-airí. Cuir san ord ceart cróineolaíoch iad, agus na dátaí a raibh siad sna postanna.

Tuaisceart Éireann	An Ríocht Aontaithe	Poblacht na hÉireann

Anois scríobh **dhá ghníomh/imeacht** a bhaineann le gach príomh-aire.

Ainmnigh an duine

1. An chéad Rúnaí Stáit i dTuaisceart Éireann

.....

2. Príomh-aire deireanach rialtas Thuaisceart Éireann

.....

3. D'ordaigh sé na saighdiúirí isteach go Tuaisceart Éireann i 1969.

.....

4. Taoiseach Phoblacht na hÉireann a thug cuairt stairiúil ar Thuaisceart Éireann i 1965

.....

5. An tAontachtaí a d'fhág an páirtí le Vanguard a bhunú

.....

6. Rúnaí Gnóthaí Inmheánacha na Breataine a chuir síos ar Thuaisceart Éireann mar ‘bloody awful country’

.....

7 Príomh-aire Thuaisceart Éireann le linn fhoréigean Lúnasa 1969

.....

8. An Feisire Náisiúnaíoch a rinne cás poiblí den idirdhealú tithíochta i gCionn Aird, Co. Thír Eoghain

.....

9. Taoiseach na Poblachta a bhagair go dtiocfadh an Phoblacht isteach ar chúrsaí le linn fhoréigean Lúnasa 1969

.....

10. An ministir saor-Phreispitéireach a thug fealltóir ar O'Neill

.....

11. An chéad cheannaire ar pháirtí náisiúnaíoch a ndearnadh ball de rialtas Thuaisceart Éireann de

.....

12. Thug sé comhdháil le chéile ag Sunningdale.

.....

Ainmnigh an duine (2)

1. Ceannaire stailc UWC

.....
2. Taoiseach na Poblachta a shínigh an Comhaontú Angla-Éireannach i 1985

.....
3. Feisire úr do Fhear Manach/Tír Eoghain Theas i 1981

.....
4. Ceannaire Shinn Féin nach raibh cuireadh air chuig Fóram Nua-Éireann i 1983

.....
5. An Rúnaí Stáit a rinne iarracht rialtas Thuaisceart Éireann a athbhunú fríd
'dílárú de réir a chéile'

.....
6. Ceannaire Pháirtí Aontachtaithe Uladh i 1985

.....
7. Príomh-aire na Breataine le linn na stailce ocras

.....
8. An chéad cheannaire ar Alliance

.....
9. An Rúnaí Stáit a chuir deireadh leis an Imtheorannú

.....
10. An duine is faide ceannaireacht ar pháirtí polaitíochta ar bith in Éirinn

Cé mise?

Bhí mé páirteach i bhfeachtas na gCeart Sibhialta, rinneadh leascheannaire an SDLP díom nuair a bunaíodh é i 1970 agus bhí mé i bhfáth leis an chomhchumhacht.

Bhunaigh mé m'eaglais féin, mo nuachtán féin agus mo pháirtí polaitíochta féin. Riamh anall chuir mé in éadan lagú an aontais.

Chuir mé Stormont ar fionraí agus thug mé an Phoblacht isteach sna hiarrachtaí teacht ar réiteach i Sunningdale.

Mar Aontachtaí liobrálach ba mhian liom nasc a dhéanamh idir an dá thraigisiún i dTuaisceart Éireann ach ba é a raibh de thoradh ar mo chuid iarrachtaí gur chuir mé isteach ar an dá thaobh.

Mar chuid den straitéis Phoblachtach feachtas an IRA a nascadh le feachtas toghchánaíochta, toghadh i m'fheisire mé i 1983.

Cé mise?

Bíonn cuimhne orm mar an té a thug imtheorannú isteach ach fosta bhí mé i bhfáth leis an Chomhchumhacht, rud a scoilt an páirtí s'agam.


Duine de cheannairí Dhaonlathas an Phobail mé ar Ollscoil na Ríona. Mise an feisire is óige riamh in Westminster - 21 bliain.

Chuir Protastúnaigh an ruaig ar mo theaghlaigh ó Rath Chúil agus ina dhiaidh sin chuaigh mé isteach san IRA. D'éirigh mé chomh clúiteach sin i bpriosún gur toghadh mé i dtoghchán Westminster.

Thug mé ar Westminster ról níos gníomhaí a ghlacadh i rialú Thuaisceart Éireann agus bhrúigh mé athleasuithe i gcóras na dtoghchán áitiúil.

Dhiúltaigh mé aitheantas a thabhairt don IRA mar chimí polaitiúla ach ina dhiaidh sin d'aontaigh mé go raibh sé de cheart ag Poblacht na hÉireann go rachfaí i gcomhairle leo faoi Thuaisceart Éireann.

Aontachtaí in éadan Náisiúnaí




Sa bhosca thíos tá léargas ar dhearcadh Aontachtach agus Náisiúnaíoch. Is é an tasc atá le déanamh agaibhse dhá chás a dhéanamh réidh; cás an Aontachtaí agus cás an Náisiúnaí. Más mian libh thig libh bheith ag obair i mbeirteanna. Thiocfadh le duine agaibh cás taobh amháin a ullmhú agus dhéanfadh an duine eile an cás eile.

1. Caithfear samplaí a úsáid ó na téacsleabhair agus ó fhoinsí eile le cuidiú le do chás.
2. B'fhéidir go gcaithfeadh sibh rud beag áibhéile a dhéanamh le bhur gcás a chur chun tosaigh ach caithfidh cibé a scríobhann sibh bheith bunaithe ar fhíorais staire.

Dearcadh an Aontachtaí	Dearcadh an Náisiúnaí
<ul style="list-style-type: none"> • Tá smacht ag an Eaglais Chaitliceach ar Phoblacht na hÉireann. • De thairbhe gur cuid den Bhreatain é tá caighdeán maireachtála níos airde sa Tuaisceart ná sa Phoblacht. • An tIRA a bhí ag stiúradh Gluaiseacht na gCeart Sibhialta. • Is é an pobal Protastúnach is mó a d'fhulaing ó na Trioblóidí. • Gach moladh de chuid rialtas na Breataine le deireadh a chur leis na "Trioblóidí", tugann sé níos cóngaraí de Éirinn Aontaithe sinn. • Chuir na Náisiúnaithe bac ar réiteach. 	<ul style="list-style-type: none"> • Déantar idirdhealú ar Chaitlicigh Thuaisceart Éireann. • Thug rialtas na Breataine drocham do chimí Poblachtacha. • Ní raibh de dhíth ar Ghluaiseacht na gCeart Sibhialta ach cothrom na Féinne do gach duine. • Tá an pobal Caitliceach ag fulaingt treise lámh ó na fórsaí slándála le blianta. • Tá rialtas na Breataine ag cur coisc ar athaontú mhuintir na hÉireann. • Chuir na hAontachtaithe bac ar réiteach.

MANAÍ POLAITIÚLA 1965 - 1985



Ar an leathanach atá ag dul leis seo tá roinnt manaí polaitiúla a bhí in úsáid idir 1965 agus 1985, cuid acu ag Aontachtaithe, cuid acu ag Náisiúnaithe.

Sa chlár thíos scríobh isteach gach mana faoi Aontachtach nó faoi Náisiúnaíoch. Ansin déan cur síos gairid ar an chiall atá le gach ceann acu.

Aontachtach		Náisiúnaíoch	
Mana	Ciall	Mana	Ciall

Cé a dúirt cad é?

Ar an leathanach seo tá ainmneacha polaiteoirí agus rudaí a dúirt siad. Scríobh an rud a dúirt siad taobh leis an ainm ceart ar an chéad leathanach eile.

Garret Fitzgerald (1981)

Foinse A

“Is é an tasc atá againn Cúige Uladh a athrú. Leis sin a bhaint amach tá dánacht agus samhlaíocht de dhíth.”



Harold Wilson (1974)

Foinse B

“Níl Caitlicigh ag iarraidh bheith páirteach i rialtas Thuaisceart Éireann. Ba mhaith leo Tuaisceart Éireann a scrios agus Éire Aontaithe a bheith acu.”

Martin McGuinness (1985)

Foinse C

“Creidimid gur comhrac armtha an t-aon dóigh amháin atá ag muintir na hÉireann le saorise a bhaint amach.”

Terence O'Neill (1963)

Ian Paisley (1981)

Foinse D

“Níl ár gcuid dlíthe, ár mbunreacht nó ár gcleachtais inghlactha ag Protastúnaigh Thuaisceart Éireann.”

Foinse E

“(Is) daoine (iad seo) a chaitheann a saol ag súmaireacht ar dhaonlathas na Breataine.”

Duine	Rud a dúirt sé
1. Ian Paisley	
2. Martin McGuinness	
3. Harold Wilson	
4. Terence O'Neill	
5. Garret Fitzgerald	

Daoine clúiteacha - cad é a rinne siad?

Tá ainmneacha cuid mhór daoine clúiteacha scríofa sa bhosca thíos. Bhí post ar leith ag gach duine acu le linn an ama a bhfuilimid ag déanamh stáidéir air. Cuir an t-ainm ceart sna spásanna ar an chéad leathanach eile.



Brian Faulkner

Margaret Thatcher

Ian Paisley

Garret Fitzgerald

Gerry Fitt

Edward Heath

Bobby Sands

Mairéad Corrigan

Terence O'Neill

Gerry Adams

Daoine clúiteacha - cad é a rinne siad?

1. Príomh-aire Thuaisceart Éireann 1963 - 69

2. An chéad cheannaire ar an Pháirtí Sóisialta Daonlathach agus Lucht Oibre

3. Feisire Fhear Manach/Tír Eoghain Theas

4. Uachtarán Shinn Féin

5. Comhbhunaitheoir Mhuintir na Síochána

6. Príomh-aire Thuaisceart Éireann 1971 - 72

7. Ceannaire ar an Pháirtí Daonlathach Aontachtach

8. Príomh-aire na Breataine 1979 - 90

9. Taoiseach Phoblacht na hÉireann

10. Príomh-aire na Breataine 1970 - 74
